Bus Átha Cliath

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2010**




# Ag freastal ar an bpobal sa saol atá i mbun athrú

PRN. A11/0224

Bus Átha Cliath



# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 2 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 8 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 10 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 13 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 14 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 16 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 18 |
| Clár Comhardaithe | 19 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 20 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 21 |



Is mian le Bus Átha Cliath a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.


NDP National Development Plan Transforming Ireland

transport21 progress in motion

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí



## Léargas Ginearálta

Is iad éifeachtaí an chúlaithe gheilleagraigh an tionchar ba mhó ar chúrsaí airgid Bhus Átha Cliath ó 2008, le méadú ar dhífhostaíocht, laghdú ar chaitheamh miondíola agus níos lú ioncaim ag daoine le caitheamh a raibh drochthionchar nach bhfacthas cheana acu ar éileamh agus maoiniú custaiméara. Tá an taithí seo an-chosúil le taithí oibreoirí iompair phoiblí ar scála mór eile. Tá ioncam custaiméara, ag luachanna reatha, laghdaithe de bharr an chúlaithe gheilleagraigh timpeall €43 milliún sa bhliain ó 2008 agus sa mhullach air sin, tá laghdú €23 milliún sa bhliain tagtha ar mhaoiniú iomlán an Státchiste.

Tá freagra láidir tugtha ag Bus Átha Cliath ar an timpeallacht gheilleagrach dhúshlánach seo agus faoi dheireadh 2010 baineadh amach coigilteas bliantúil costais €41 milliún agus laghdú costais  aonuaire €10 milliún.

## Toradh Oibriúcháin 2010

Bhí easnamh €22.1 milliún ag Bus Átha Cliath don bhliain 2010 lena n-áirítear táille €8.1 milliún ar athstruchtúrú gnó. Tar éis clár mór laghdaithe costais in 2009, rinneadh athbhreithniú ó bhonn ar ghréasán seirbhísí Bhus Átha Cliath in aghaidh chúlra an chúlaithe gheilleagraigh a bhí ag dul chun donais. Ba é seoladh an tionscadail Gréasán Díreach a bhí mar thoradh ar an athbhreithniú, a raibh sé mar aidhm aige athdhearadh a dhéanamh ar na seirbhísí le héileamh custaiméara a mheaitseáil agus cláir ama seirbhíse a mhionathrú de réir feabhsúcháin in amanna feidhmithe agus bearta tosaíochta bus. Forfheidhmíodh Céim 1 i Meán Fómhair 2010 agus táthar ag súil go mbeidh an tionscadal ina iomláine críochnaithe faoi Bhealtaine 2011. Meastar go bhfuil coigilteas costais iomlán €16 mhilliún ag baint leis an tionscadal agus gineadh €2 mhilliún de sin in 2010 agus an €14 mhilliún eile le baint amach in 2011. De thoradh athdhearadh an Ghréasáin, tá laghdú 180 bus ar an gcabhlach go nuige seo. Bhíothas in ann líon na foirne a laghdú agus coigilteas caiteachais a ghineadh i leith cothabháil cabhlaigh agus breosla dá bharr. Tháinig laghdú €21.3 milliún ar chostais oibriúcháin in 2010, tháinig méadú €3.4 milliún ar chostais bhreosla agus bhí laghdú 172 (5%) ar líon na mball foirne le linn na bliana. Níl ach tionchar teoranta ag na hathruithe seirbhíse ar na custaiméirí. Go deimhin, tá a mbunús uile ag baint tairbhe as seirbhís níos fearr de thairbhe minicíocht mhéadaithe ar bhealaí níos dírí. D'iompar an chuideachta 119 milliún paisinéirí in 2010 i gcomparáid le 128.3 milliún in 2009, laghdú 7.2%.

**TÁ FREAGRA LÁIDIR TUGTHA AG BUS ÁTHA CLIATH AR AN TIMPEALLACHT GHEILLEAGRACH DHÚSHLÁNACH SEO AGUS FAOI DHEIREADH 2010 BAINEADH AMACH COIGILTEAS BLIANTÚIL COSTAIS €41 MILLIÚN AGUS LAGHDÚ COSTAIS  AONUAIRE €10 MILLIÚN.**

Amhail an 31 Nollaig 2009, ba €23.6 milliún Glansócmhainní na cuideachta a léirigh 74% den scairchaipiteal. De bharr caillteanais bhreise a tabhaíodh sna chéad cheithre mhí de 2010, thit Glansócmhainní faoi 50% de scairchaipiteal glaoite na cuideachta. Ghair na stiúrthóirí, faoi alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta urghnách (EGM) de scairshealbhóirí na cuideachta an 16 Meitheamh 2010, le breith a thabhairt ar na gníomhartha ar chóir a thógáil le dul i ngleic leis an gcás.

Seo a leanas straitéis iomlán Bhus Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí airgeadais de bharr an chúlaithe gheilleagraigh:

(i) Gréasán na mbealaí a atógáil agus a nuachóiriú tríd an tionscadal, Gréasán Díreach, le níos mó bealaí díreacha a chur ar fáil sna conairí ar fad, mar aon le seirbhísí rialta minice. Ina theannta sin, cuirfimid tairbhí an ghréasáin nua chun cinn i measc daoine nach mbaineann úsáid as le tuilleadh custaiméirí a mhealladh;

(ii) Cláir ama sheirbhíse a choigeartú de réir feabhsúchán ar amanna reatha, bearta tosaíochta bus agus athrú ar an éileamh;

(iii) Laghduithe cabhlaigh a bhaint amach trí (i) agus (ii) thuas le laghdú mór a chur ar an ngá le hathsholáthar cabhlaigh i gcaitheamh bhlianta deacra an chúlaithe gheilleagraigh. Ligeann a leithéidí dúinn an tionchar ar ár staid airgid a íoslaghdú in imeacht na tréimhse seo;

(iv) Leanúint ar aghaidh leis an iarracht chun caiteachas agus costais foirne a laghdú sa chuideachta trí chéile;

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

(v) Na príomhthionscadail straitéiseacha a leanas a chur i bhfeidhm agus tairbhí na bhforbairtí seo a chur chun cinn do chustaiméirí agus le daoine nach mbaineann úsáid as an tseirbhís a mhealladh freisin:

(a) An córas, Rialú agus Uathláthair Feithicle, agus bainistíocht cáilíocht seirbhíse níos fearr;

(b) Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí san uile fhormáid;

(c) Córas Cárta Cliste a d'Fhéadfaí a Athlódáil; agus

(d) Feabhsúcháin ar an bhfaisnéis ag stadanna bus agus ar an suíomh gréasáin;

(vi) Tréanfheachtais mhargaíochta le cur i bhfeidhm an tionscnaimh Gréasán Díreach a chomhlánú i dteannta na bhfeabhsúchán eile do chustaiméirí dá dtagraítear thuas.

De thoradh na straitéise a shonraítear thuas, cuirfimid gréasán níos éifeachtúla agus níos nua-aimseartha seirbhísí ar fáil a bheidh níos éasca a thuiscint agus níos inrochtana do chustaiméirí. Cuirfidh sé seo feabhas lenár n-ábaltacht daoine nach mbaineann úsáid as bus de ghnáth a mhealladh agus le scair na córa iompair le haghaidh iompar poiblí a mhéadú sa chathair.

Ar a shon sin, d'ainneoin na seirbhíse feabhsaithe atá ar fáil, caithfidh Bus Átha Cliath tuilleadh gníomhartha um laghdú costais a fhorfheidhmiú i rith 2011 d'fhonn leibhéal an chaillteanais oibriúcháin atá á thabhú a laghdú.

## Athbhreithniú ar Ghréasán Bealaigh Bhus Átha Cliath

Tháinig an tionscadal Gréasán Díreach chun cinn de thoradh athbhreithniú ar ghréasán Bhus Átha Cliath. Is é seo an ceann is mó dá ndearnadh riamh i stair na cuideachta agus tabharfaidh sé tairbhí móra do na custaiméirí. Tá na hathruithe agus na feabhsúcháin á leathnú amach sa ghréasán seirbhíse ar fad ar bhonn céimnithe a tosaíodh i bhfómhar 2010 agus a chuirfear i gcrích faoi Bhealtaine 2011. I dtosach, eagraítear cruinnithe sainchomhairliúcháin poiblí ina mbuaileann ionadaithe Bhus Átha Cliath le baill na bpobal áitiúla agus pléann siad ceisteanna maidir le forbairtí ar sheirbhísí áitiúla bus.

Is é seo a leanas aidhm an tionscadail Gréasán Díreach:

- Ardú sa líon bealaí ardmhinicíochta (idirachar 10 nóiméad nó níos fearr ag buaicamanna);
- Breis ailíniúcháin dhíreacha chuig ceantair oibre/fóillíochta agus uathu;
- Úsáid níos mó a bhaint as Mórlánaí Bus (QBC);
- Idirachair réidhe ó phointí fágála ar bhonn conaire;
- Níos lú athraithigh ar bhealaí a dhéanann an gréasán níos éasca le tuiscint;
- Gréasán nua de sheirbhísí díreacha cuarbhealaigh;
- Méadú sa líon bealaí trasna na cathrach, a ísleoidh acomhal custaiméara; agus
- Ceangailtí feabhsaithe le modhanna iompair iarnróid agus Luas.

Tá sé mar aidhm ag Bus Átha Cliath freastal ar riachtanais a gcuid custaiméirí atá ag athrú trí na gnéithe thuas i dteannta a chéile agus dá bhrí sin dílseacht a spreagadh ó chustaiméirí reatha agus custaiméirí nua a mhealladh chuig an tseirbhís.

Cuireadh píosa Stigh Lorgan/Chill Mhantáin Thuaidh de Chéim 1 i bhfeidhm i Meán Fómhair 2010 agus ina dhiaidh sin cuireadh i bhfeidhm céim Bhaile Bhlainséir i nDeireadh Fómhair agus ar deireadh cuireadh i bhfeidhm céim Leamhcáin/Chill Dara Thuaidh i mí na Samhna agus fuarthas aiseolas dearfach den chuid is mó ón bpobal mór.

Táthar ag súil go gcríochnófar cur i bhfeidhm iomlán de Ghréasán Díreach faoi Bhealtaine 2011.



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

## Coinneáil agus Mealladh Custaiméirí Nua

Is é an tionscadal Gréasán Díreach an phríomhghníomhaíocht i gcustaiméirí a choinneáil agus custaiméirí nua a mhealladh a athróidh an gréasán agus cuideoidh forbairtí i bhFaisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí in 2011 leis.

Chuir Bus Átha Cliath iarracht an-mhór i gcumarsáid agus sainchomhairliúchán sa tionscadal Gréasán Díreach. Áiríodh anseo fógráin i bpáipéir áitiúla agus náisiúnta, bileoga a fhágáil i dtithe, agus cruinnithe sainchomhairliúcháin i lárionaid áitiúla le hionadaithe polaitiúla agus cónaitheoirí.

In 2010 d'eagraíomar feachtais fógraíochta chomh maith sna réimsí seo a leanas chun custaiméirí a mhealladh agus a choinneáil:

- Feachtais luacha a léiríonn an luach iontach atá le fáil trí thicéid réamhíoctha agus an scéim a shábhálann cáin;
- Feachtais chun tiománaithe a mhealladh óna gcarranna chun an bus a úsáid – 'Bí neamhdhílis don charr'; agus
- Comhghníomhaíocht leis an réimse gnó – Déardaoin na dTicéad a thug lascainí i gcomaoin ticéad Bhus Átha Cliath a thaispeáint.

## Leathnaítear amach AVLC ar fud Iostaí Bhus Átha Cliath

Tuigeann Bus Átha Cliath a thábhachtaí atá an teicneolaíocht nua maidir le seirbhís nua-aimseartha bus a chinntiú. Tá ionchais na gcustaiméirí tar éis teacht chun cinn agus bíonn siad ag súil anois le rochtain fhurasta ghasta ar fhaisnéis reatha faoi sheirbhísí. Tá Bus Átha Cliath ag cur fhorfheidhmiú a gcláir Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC) chun cinn. Éascóidh an clár seo soláthar Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) do chustaiméirí trí shraith meán, lena n-áirítear gutháin phóca, suíomh gréasáin Bhus Átha Cliath, www.dublinbus.ie, agus taispeántais sráide a sholáthróidh an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC).

Tá an clár AVLC, arna maoiniú ag an Roinn Iompair tríd an NTA, mar chuid de phlean iomlán intuarthacht níos fearr seirbhíse a chinntiú. Cuirtear an teicneolaíocht AVLC i bhfeithiclí Bhus Átha Cliath agus cuireann sí sonraí ar ais chuig Lárionad Láraithe Rialaithe Bhus Átha Cliath, áit a ndéantar monatóireacht ar sheirbhísí. Sa mhullach air sin, seolfar sonraí maidir le láithreacha bus ó chóras ríomhaire lárnach AVLC chuig ríomhaire lárnach rialaithe SCATS Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Éascóidh sé seo tosaíocht bus níos mó ag acomhail faoi rialú comhartha. Ligeann an teicneolaíocht don fhoireann amharc ar láthair bheacht na mbusanna ar gach bealach agus tá seirbhís níos iontaofa agus níos éifeachtúla mar thoradh air seo.

Is í AVLC an clár le haghaidh Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI). Bhí Bus Átha Cliath ag comhoibriú leis an Údarás Iompair Náisiúnta agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i dtaca le leathnú amach an RTPI. Ó earrach 2011, bainfear triail as scáileáin taispeána ag roinnt stadanna bus a thaispeánfaidh amanna tuartha sroichte na mbusanna ag a stad do na custaiméirí. Chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, thar ceann an NTA, tús le hoibriú na n-aonad taispeána RTPI ag stadanna bus. Sa chéim tosaigh suiteálfar timpeall 450 suíomh timpeall Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath faoi lár 2011. Beidh úsáideoirí bus in ann amanna tuartha sroichte na mbusanna ag a stad a fháil ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath www.dublinbus.ie, agus trína ngutháin phóca freisin.

## Seolann Bus Átha Cliath Pleanálaí Bealaigh ar a Shuíomh Gréasáin Nuashonraithe

I mí Lúnasa 2010 sheol Bus Átha Cliath seirbhís Pleanála Bealaí ar líne ar a suíomh gréasáin, www.dublinbus.ie. Ionchorpraíonn an áis Pleanála Bealaí láithreacha Chóras Suite Dhomhanda (GPS) gach stad bus de chuid Bhus Átha Cliath, chomh maith leis na bealaí uile de chuid Bhus Átha Cliath a dhéanann freastal ar gach stad. Ligeann an áis Pleanála Bealaí don chustaiméir pointe 'ó' agus 'chuig' a chur isteach ach seoltaí nó uimhreacha stad bus a úsáid. Tig le custaiméirí stáisiún Dart nó Luas a roghnú chomh maith le háiteanna is díol spéise cosúil le coláistí nó ospidéil. Ina dhiaidh stad bus a roghnú, taispeántar liosta

**CHUIR BUS ÁTHA CLIATH IARRACHT AN-MHÓR I GCUMARSÁID AGUS SAINCHOMHAIRLIÚCHÁN SA TIONSCADAL GRÉASÁN DÍREACH.**

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

iomlán de na bealaí a úsáideann an stad seo, taispeántar naisc le clár ama an bhealaigh mar aon le turas molta ag úsáid iompar poiblí. Taispeántar naisc siúil chomh maith.

Úsáidtear na sonraí stad bus chomh maith sa chóras Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC).

## Conradh Seirbhíse Poiblí – Baineann Bus Átha Cliath a gcuid Spriocanna Amach mar is Gnách

Síníodh an Conradh Seirbhíse Poiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) agus Bus Átha Cliath an 1 Nollag 2009. Leagtar amach sa chonradh an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach faoin gconradh seirbhíse poiblí agus an cúiteamh atá le híoc ag an NTA le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo. Tuairiscíonn Bus Átha Cliath chuig an NTA gach trí mhí i ndáil le bearta feidhmíochta. Go nuige seo, bhain Bus Átha Cliath na spriocanna uile a comhaontaíodh amach. Éilíonn an NTA go ndéanfaí iniúchadh neamhspleách ar íocaíochtaí a dhéanann sé faoin gConradh Seirbhíse Poiblí lena dhearbhú gur shásaigh Bus Átha Cliath na riachtanais ar conradh. Ba é €75.7 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí in 2010.

## A Thábhachtaí Atá Ionad Sábháilte Oibre

Tá Bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do chosaint shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus na ndaoine a ndéanann ár ngníomhaíochtaí difear dóibh, ar nós úsáideoirí eile bóithre, cuairteoirí chuig ár n-áitribh nó conraitheoirí a bhíonn ar fostú ag an gcuideachta.

Tugann cáipéis na cuideachta maidir le córas bainistíochta sábháilteachta creatlach mhionsonraithe faoi choinne bhainistiú na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a ghabhann le hoibríochtaí na cuideachta. Is fíorthábhachtach na modhanna a ndéantar cur síos orthu sa cháipéis seo i ndáil le freagrachtaí na mbainisteoirí sinsearacha, na mbainisteoirí idirmheánacha agus na maoirseoirí. Caithfidh siadsan a chinntiú go bhfuil lántuiscint ag a bhfostaithe ar na riachtanais atá inti agus go gcomhlánaíonn siad iad.

Cé go bhfuil an riachtanas chun dóthain oiliúna agus treorach a sholáthar cumhdaithe i riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, leanann Bus Átha Cliath ag aithint an tábhacht a bhaineann le bunriachtanais a shárú trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais inniúlachta a bhfostaithe. Léirítear é seo ina gclár oiliúna pleanáilte a áiríonn oiliúint neamhreachtúil ar leith agus faisnéisiú cumarsáide rialta intí a bhaineann le faisnéis atá ríthábhachtach i dtaobh sábháilteachta. Leanadh leis an oiliúint ar Theastas Inniúlachta Gairmiúil (CPC) a sheachadadh mar mhodh éifeachtach oiliúna trína bhféadfaí faisnéis a bhaineann le sábháilteacht a sheachadadh chuig fostaithe tiomána agus innealtóireachta araon.

D'fhonn a chinntiú go raibh na caighdeáin agus nósanna imeachta sábháilteachta reatha á gcothabháil agus go bhféadfaí réimsí i gcomhair tuilleadh feabhais a shainaithint, lean Bus Átha Cliath lena gclár iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha le linn 2010.

I dtaca le timpistí, bhí laghdú 5% in 2010 ar líon na n-imbhuailtí in aghaidh milliún ciliméadar feithicle lena raibh baint ag feithiclí Bhus Átha Cliath. Ina theannta sin, leagann laghdú beagán thar 9% ar líon thimpistí aga díomhaoin na bhfostaithe béim ar na tairbhí a ghabhann le cur chuige comhsheasmhach a choinneáil i ndáil le hiniúchadh leanúnach agus measúnú riosca. Forbairt mhór ba ea síneadh na seiceála feithiclí réamhsheirbhíse i gceithre láthair eile iosta i rith 2010. Cuirfidh an méid sin le cosaint bhreise shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe agus daoine eile, go háirithe an pobal a bhíonn ag taisteal.



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

**BÍONN FEIDHM LÁRNACH AG SEIRBHÍSÍ BHUS ÁTHA CLIATH SNA POBAIL ÉAGSÚLA A CHRUTHAÍONN ÁR MBONN CUSTAIMÉIRÍ I MÓRCHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (GDA).**

## Inrochtaineacht Chabhlaigh – Seirbhís Bus do Gach Duine

Choinnigh Bus Átha Cliath orthu ag díriú ar fheabhsú inrochtaineacht na seirbhísí dá gcuid custaiméirí in 2010. Cuireadh córas nua um shainaithint uimhir bus in airde ag stadanna bus Bhus Átha Cliath trasna Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le cabhair a thabhairt do chustaiméirí a bhfuil deacrachtaí amhairc ag gabháil dóibh stad bus Bhus Átha Cliath a aithint gan stró. Tá uimhir an stad bus i gcló mór agus i mBraille ar phláta atá greamaithe den stad. Tógadh timpeall 2,700 aitheantas stad bus nua in 2010. Ina theannta sin, cuireann Bus Átha Cliath Scéim Cúnaimh Taistil saor in aisce ar fáil do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe, laigí céadfacha agus míchumas foghlama ag gabháil dóibh. A bhuíochas le cúnamh ó chúntóir taistil lánaimseartha de chuid Bhus Átha Cliath, ceapann na custaiméirí sainphlean taistil a oireann dá gcuid riachtanas, rud atá ina mbunús le taisteal neamhspleách don chustaiméir. Tig le custaiméirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chúnamh Taistil ach dul i dteagmháil le hOifigeach Inrochtaineachta Bhus Átha Cliath tríd an nguthán ag (01) 7033204 nó trí ríomhphost ag travelassist@dublinbus.ie. Faoi láthair, tá 88% de chabhlach Bhus Átha Cliath ina bhfeithiclí ísealurláir atá oiriúnach do chathaoir rothaí agus táthar ag dréim leis go mbeidh an cabhlach ar fad inrochtana faoin mbliain 2012.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) – Ár Saothar sa Phobal

Bíonn feidhm lárnach ag seirbhísí Bhus Átha Cliath sna pobail éagsúla a chruthaíonn ár mbonn custaiméirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Mar sin de, is dóigh iontach na cláir éagsúla freagrachta corparáidí agus sóisialta atá i gcroílár ghnó na cuideachta chun naisc a thógáil leis na pobail a ndéantar freastal orthu.

Ba é Clár Tacaíochta Pobail (CSP) Bhus Átha Cliath 2010 an t-imeacht ba mhó agus ba rathúla i stair an chláir. Is í seo an seachtú bliain den chlár. Bunaíodh an CSP chun cúnamh a thabhairt do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, nach dtugtar aitheantas dá saothar de ghnáth, ach amháin i measc na ndaoine a fhaigheann an cúnamh. Go dtí seo, bhain de bhreis ar 1,000 eagraíocht agus grúpa beag ó phobail i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tairbhe as an maoiniú a fuarthas ón gclár seo. Maoinítear costas an chláir trí shóinseáil nach n-éilítear. Is dóigh í seo chun an t-airgead seo a chur ar ais sa phobal.

Áiríodh le tionscnaimh Peile a tharla le linn na bliana Comórtas Cic Pionóis Bliantúil Niall Quinn ina raibh leanaí scoil náisiúnta ó Thionscadail Samhraidh i gceantar na Rinne páirteach.

Ba é 2010 an naoú bliain de Chomórtas Ealaíne do Leanaí atá mar chuid de Chlár Scoileanna na cuideachta. Tá saothar ealaíne agus filíocht le feiceáil ar Fhéilire Ealaíne na Leanaí ó leanaí as 26 scoil náisiúnta ar fud Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh seoladh na féilire in Oifigí Cathartha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tugann Cláir cosúil leo seo deis do Bhus Átha Cliath aithne a chur ar chuid dá gcustaiméirí óga agus a thábhachtaí atá ról an bhus sa phobal agus an meas atá tuillte aige a chur ina luí orthu.

## Ídiú Fuinnimh in 2010

D'oibrigh Bus Átha Cliath cabhlach d'os cionn 1,000 bus ag clúdach 61.8 milliún ciliméadar in 2010. Is é an príomhídiú fuinnimh an úsáid breosla a bhaineann le feidhmiú an chabhlaigh busanna. Úsáideadh 31.3 milliún lítear breosla díosail in 2010. Áirítear leis na príomhfhoinsí um ídiú fuinnimh na seacht ngaráiste cothabhála agus an úsáid gáis agus leictreachais a bhaineann leo. Sa mhullach air sin, tá roinnt oifigí againn lena n-áirítear ceannoifig, oifig soláthair agus ceaintín.

Is é seo a leanas briseadh síos an ídithe fuinnimh:

- úsáid breosla an chabhlaigh (94.5% den ídiú);
- úsáid leictreachais ag áitribh (2% den ídiú); agus
- úsáid gáis ag áitribh (3.5% den ídiú).

Baineann suas le 70% den úsáid leictreachais sna garáistí cothabhála le soilsiú sna foirgnimh agus sna láithreacha clóis seachtracha. Baineann ídiú gáis go

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)

príomha le téamh na n-áitreabh. Baineann formhór an ídithe fuinnimh sna hoifigí le soilsiú, trealamh oifige agus aonaid aerchóirithe.

In 2010, d'úsáid Bus Átha Cliath 336,579MWh fuinnimh, a chuimsíonn:

- 318,229MWh de bhreosla díosail chun an cabhlach bus a rith;
- 6,500MWh de leictreachas; agus
- 11,850MWh de ghás nádúrtha.

## Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2010

In 2010, thug Bus Átha Cliath faoi réimse tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Laghdaíodh luas réchasta innill in 2010 i 200 bus B9 le hídiú breosla a laghdú.
- Chlúdaigh an cabhlach 3 mhilliún ciliméadar níos lú in 2009 de dheasca chuíchóiriú an chabhlaigh, a léirigh laghdú 4.76% sa líon ciliméadar a clúdaíodh in 2009;
- Suiteáladh rialuithe téimh do théitheoirí gáis na ceardlainne cothabhála;
- Suiteáladh Braiteoirí Éighníomhacha Infridhirg (PIR) i leithris, seomraí feistis agus stórais;
- Suiteáladh braiteoirí sholas an lae do shoilse seachtracha clóis; agus
- Leanadh le monatóireacht fuinnimh ag gach áitreabh tar éis Ceardlann i gclár oiliúna Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) in 2009.

I dteannta a chéile, tá na bearta seo agus bearta eile coigilte fuinnimh ag coigilt 24,000MWh in aghaidh na bliana. D'fheabhsaigh an meánídiú breosla i gcabhlach Bhus Átha Cliath ó 5.4477 mpg in 2009 go 5.5754 mpg in 2010 - laghdú 2.35% sa mheánídiú breosla.

**D'OIBRIGH BUS ÁTHA CLIATH CABHLACH D'OS CIONN 1,000 BUS AG CLÚDACH 61.8 MILLIÚN CILIMÉADAR IN 2010.**

## Gníomhartha a Bheartaítear do 2011

Tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath in 2011 feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- cuirfear tuilleadh laghduithe cabhlaigh i bhfeidhm faoin tionscadal, Gréasán Díreach, faoi mar a leathnófar amach cuíchóiriú bealaí bus agus na héifeachtúlachtaí a eascróidh as seo ar fud an ghréasáin iomláine.
- bunaíodh ídiú breosla saoil mar chritéir dhámhachtana do cheannacháin feithicle in 2011 trí úsáid a bhaint as na tástálacha caighdeánaithe ídithe breosla i leith timthriall uirbeach SORT 1 de chuid UITP;
- scrúdú a dhéanamh ar fheidhm bogearraí nua do ghiarbhosca feithicle (ZF Topodyn) atá feiliúnach do bhusanna B9 agus lena ngabhann coigilteas féideartha breosla;
- Trialacha a thionscnamh maidir le héicithiomáint cabhlaigh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bord;
- oiliúint nua athnuachana a thabhairt isteach do thiománaithe i dteannta aiseolais bunaithe ar fhíseáin agus ar ríomhairí le modhanna níos réidhe tiomána a ghnóthú. Beidh an méid seo ina láimh chúnta freisin chun ídiú breosla a laghdú.
- uasghrádú soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh i gcomhair ceardlanna agus clóis pháirceála chothabhála;
- caidéil bhreosla a uasghrádú agus a ionadú le mótair ardéifeachtúla;
- méadair bhíge gháis a shuiteáil agus a nascadh leis an gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS) mar chuid de mhonatóireacht leanúnach ar ídiú gáis sna háiseanna cothabhála;
- leanúint de chur chun cinn na feasachta ar chúrsaí fuinnimh i measc na mball foirne; agus
- tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh a shainaithint trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

**Stiúrthóirí an 30 Márta 2011**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach:** | An Dr J. J. Lynch |
| **Stiúrthóirí:** | An tUasal N. Maher<br>An tUasal B. McCamley<br>An tUasal W. McDermott<br>An tUasal M. McGennis<br>An tUasal U. McGrath<br>An tUasal M. Mooney<br>An tUasal A. O'Byrne<br>An tUasal G. Tuke |
| **Príomhfheidhmeannach:** | An tUasal P. Doherty |
| **Rúnaí:** | An tUasal R. O'Farrell |
| **Oifig Chláraithe:** | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Guthán:** | +353 1 872 0000 |
| **Facs:** | +353 1 873 1195 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe:** | 119569 |
| **Iniúchóirí:** | PricewaterhouseCoopers,<br>Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,<br>Aon Duga Spencer, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. |

## Bord Stiúrthóirí

### An Dr J. J. Lynch, Cathaoirleach

Ceapadh John Lynch ina Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar CIÉ agus ar a gcuid fochuideachtaí a chéaduair i mí an Mhárta 2000. Roimh a cheapachán do Ghrúpa Cuideachtaí CIÉ, bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Ard-Stiúrthóir ar FÁS. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Gáis agus ar Airmheán Táirgiúlachta na hÉireann. Bhí sé ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí príobháideacha leis. Bhain John cáilíocht amach mar innealtóir in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath freisin agus ghnóthaigh sé BComm amach i 1971 agus MBA i 1974. Sa mhullach air sin, shaothraigh sé dochtúireacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### Nuala Maher

Ceapadh Nuala ar an mbord i mí an Mheithimh 2009. D'oibrigh Nuala i mBaincéireacht Idirnáisiúnta le haghaidh fiche bliain ach tá taithí aici le déanaí in Acmhainní Daonna, le suim ar leith i gCumarsáid Fostaí. D'oibrigh sí le lear mór cuideachtaí, sna hearnálacha príobháideach agus stáit, ag tabhairt comhairle ar dhul i ngleic le fostaithe agus cleachtas cumarsáide. Tá MSc in Iompar Gnó aici ó Choláiste na Tríonóide.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile (ar lean)

## Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley don bhord a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.

## Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott don bhord i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Willie ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe bus.

## Marian McGennis

Ceapadh Marian McGennis ar an mbord i mí an Mhárta 2011. Ba TD a bhí i Marian do Bhaile Átha Cliath Láir agus is iarchomhalta de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus de Chomhairle Contae Fhine Gall í. Mar bhall den Oireachtas, bhí sí ina hurlabhraí don fhreasúra ar chomhionannas agus mar bhall den Fhóram Náisiúnta Geilleagrach agus Sóisialta. Tá sí páirteach in eagraíochtaí deonacha le beagnach 30 bliain. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad í Marian agus tá céim Eolaíochta Sóisialta aici sa tSocheolaíocht agus sa Bheartas Poiblí.

## Una McGrath

Ceapadh Una McGrath ar an mbord i mí an Mhárta 2010. D'oibrigh sí roimhe seo mar shainchomhairleoir agus bainisteoir um fhorbairt gnó le haghaidh Vipre Ltd. i réimse an athraithe ar iompar taistil, ag fáil tacaíocht chorparáideach agus ón earnáil phoiblí le haghaidh iompar inbhuanaithe. Bhunaigh sí an tIonad Comaitéara ar Champas Ospidéal an Mater, a bhuaigh an Irish Times Living Dublin Award. Ceapadh í ar phainéal saineolaithe Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Iomaíochas agus Nuálaíocht chun measúnú a dhéanamh ar mhaoiniú do thograí iompair ó bhall stáit. Tá sí ag obair faoi láthair do Designing Dublin chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a mhéadú i lár na cathrach. Tá BA i Margaíocht Idirnáisiúnta agus Teangacha, DCU ag Una agus BA i nDearadh, DIT.

## Mary Mooney

Ceapadh Mary Mooney ar an mbord i mí na Bealtaine 2009. Is iar-TD í Mary le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas-Lár agus iarchomhalta de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath áit a raibh sí ina cathaoirleach ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha do Thithíocht leis. Bhí Mary ina ball den chomhpháirtíocht un thithe inacmhainne agus tá sí ina hiarchathaoirleach de Bhord Sláinte an Iardheiscirt. Tá lear mór taithí ag Mary chomh maith i margaíocht agus i mbainistíocht scileanna mar gur bhainistigh sí gnólacht miondíola a teaghlaigh roimhe seo.

## Arnold O'Byrne

Ceapadh Arnold O'Byrne ar an mbord ar dtús i mí Lúnasa 2001. D'oibrigh Arnold le General Motors ar feadh cúig bliana is tríocha agus sna cúig bliana déag deiridh a chaith sé le GM bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta de Opel Ireland Ltd. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhiniúchóir le freagracht as oibríochtaí ar fad GM sa R.A. agus in Éirinn. Ó chuaigh sé ar scor as Opel Ireland Ltd, bhí poist ag Arnold mar Chathaoirleach agus Uachtarán ar Capmark Commercial Mortgage Bank Europe plc. De bhreis air sin, tá sé ina iaruachtarán ar Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) agus de Chumann Tráchtála Mheiriceá. Tá Arnold faoi láthair ina chathaoirleach ar Capita Asset Services (Ireland) Ltd.

## Gráinne Tuke

Ceapadh Gráinne Tuke ar an mbord i mí an Mheithimh 2009. Is aturnae í Gráinne, a bhfuil céim dlí aici ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus is ball cleachtach í den Chumann Dlí. Tá sí i gcleachtas dlí i gceantair thuaithe agus uirbeacha in Éirinn, ag clúdach cleachtadh réimse dlí ghinearálta agus speisialta le níos mó ná 25 bliain. Tá taithí phraiticiúil shubstaintiúil aici i réimse fairsing nithe lena n-áirítear dlí agus cleachtas tráchtála agus corparáideach, réadmhaoin tráchtála, tógáil agus innealtóireacht, fostaíocht, teicneolaíocht agus maoin intleachtúil, teileachumarsáid, meáin agus siamsaíocht, leigheas, iascaigh agus tionscadail foraoiseachta, iompar, miondíol agus cúrsaí rialála agus tráchtála.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí i láthair a dtuarascáil bhliantúil leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta soláthar seirbhís bus chuimsitheach a chur chun cinn i gcathair Bhaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird.

Ó 2008, ba é an príomhthoisc a raibh tionchar aige ar fheidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais ná an cúlú geilleagrach a laghdaigh go mór an t-éileamh ar sheirbhísí agus dá bhrí tá laghdú ar infhaighteacht maoiniú Státchiste do ghréasán sheirbhísí Bhus Átha Cliath. In 2010, d'iompair an chuideachta 119 milliún paisinéirí, a léirigh titim 7.2% ó 2009. B'ionann an t-ioncam iomlán agus €182.2 milliún in 2010 i gcomparáid le €196.3 milliún an bhliain roimhe sin. Le linn 2010, tugadh faoi mórthionscadal a raibh sé mar aidhm aige athdhearadh a dhéanamh ar na seirbhísí le héileamh custaiméara a mheaitseáil agus cláir ama seirbhíse a mhionathrú de réir feabhsúcháin in amanna feidhmithe agus bearta tosaíochta bus a chothóidh coigilteas suntasach costais sa bhliain amach romhainn. Ar a shon sin, d'ainneoin na dtairbhí a thagann ón tseirbhís athbhreithnithe atá ar fáil, forfheidhmeoidh Bus Átha Cliath tuilleadh gníomhartha um laghdú costais i rith 2011 d'fhonn leibhéal an chaillteanais oibriúcháin atá á thabhú a laghdú.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 ar leathanaigh 16 go 31. Léiríonn na torthaí don bhliain 2010 easnamh €22,059,000 (2009: €12,925,000).

## Rioscaí Bunairgid

Tá an chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach smachtaithe. Sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na cuideachta trí phróiseas um bainistíocht riosca ar fud na cuideachta. Coinnítear clár rioscaí agus nuashonraítear go ráithiúil é agus áirítear ann pleananna gníomhaíochta le dul i ngleic leis na rioscaí a shainaithnítear. Tugann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, faoi réamhcheannach breosla agus airgeadra sa chás go measann sé go bhfuil luach ann agus riosca laghdaithe don chuideachta.

## Infheistíocht Chaipitil

Le linn 2010, cuireadh ar athló infheistíocht sa chabhlach go dtí go mbeadh timpeallacht feidhmiúcháin gheilleagrach agus oibríochtúil níos cinnte ann. Leanadh le hinfheistíocht i bhfeabhsú seirbhísí do chustaiméirí trí mhaoiniú suntasach Státchiste faoi Iompar 21 sna réimsí seo a leanas:

- €3.5 milliún ar fhorbairt leantach ar an gcóras, Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC);
- €2.5 milliún ar thionscadail inrochtaineachta éagsúla;
- €1.1 milliún ar chórais um shábháilteacht cabhlaigh;
- €0.9 milliún ar bhonneagar gréasáin;
- €0.9 milliún ar an gcabhlach, ar chórais I.T. agus ar threalamh; agus
- €0.4 milliún ar chórais ticéadaithe.

## Forbairt Fostaí

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do chinntiú go bhfuil an deis ag gach fostaí scileanna agus eolas a fháil a theastaíonn uathu chun a réimse iomlán dualgas a chomhlíonadh i gceart. Glacann gach tiománaí bus páirt i lá amháin oiliúna sa bhliain le cáiliú don Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) de réir Threoir an AE 2003/59/CE agus fhaomhadh an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Leanadh le clár forbartha bainistíochta in 2010 agus ghlac roinnt bainisteoirí agus baill foirne riaracháin páirt i staidéir tríú leibhéal. Leanadh le hoiliúint eile atá sonrach do róil le haghaidh baill foirne cothabhála, maoirseachta agus riaracháin.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do chloí le forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2006 agus le gach rialachán náisiúnta agus AE eile. Coinnítear ag athbhreithniú an Ráitis Sábháilteachta ar ghlac an chuideachta leis i bhFeabhra 1991 agus nuashonraítear é ar bhonn leanúnach.

## Comhionannas and Éagsúlacht

Cuireann an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta ar chumas Bhus Átha Cliath timpeallacht oibre níos éifeachtúla agus níos comhlíontaí a sheachadadh don fhoireann, le dul i ngleic le riachtanais custaiméirí atá ag athrú agus nasc níos fearr a fhorbairt leis an bpobal i gcoitinne.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh dá gcustaiméirí ar fad agus d'ionad oibre cóir agus cuimsitheach a chruthú ina bhfuil meas ar dhaoine aonair agus inar féidir le daoine oibriú chun barr feabhais a gcumais.

Tá plean gníomhaíochta forbartha ag an gcuideachta a chlúdaíonn prionsabail chomhionannais agus chuimsithe agus léiríonn sé seo an éagsúlacht atá ina fhórsa saothair.

Roghnaíodh Straitéis Comhionannais and Éagsúlachta na cuideachta le cur san áireamh in Achomaireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Dhea-Chleachtas in Éagsúlacht.

## Cleachtais Íocaíochta

Tuigeann Bus Átha Cliath a bhfreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Is é beartas íocaíochta na cuideachta cloí le ceanglais an Rialacháin.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a thóg na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí na cuideachta chun leabhair chuí chuntais a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Tugtar sonraí de na beartais agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i gCuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ba stiúrthóirí iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

**An Dr J. J. Lynch, Cathaoirleach**
(Athcheaptha an 29 Márta 2010 agus an 29 Márta 2011)

**An tUasal N. Maher**

**An tUasal B. McCamley**

**An tUasal W. McDermott**

**An tUasal M. McGennis**
(Arna ceapadh an 8 Márta 2011)

**An tUasal U. McGrath**
(Arna ceapadh an 15 Márta 2010)

**An tUasal M. Mooney**

**An tUasal A. O'Byrne**

**An tUasal G. Tuke**

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon am le linn na bliana.

Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí ná socruithe i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/ Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh stiúrthóirí an Bhoird ag cruinnithe Boird/Coiste i rith 2010.

**Bord/Coiste Bhus Átha Cliath**
**Loga Tinrimh 2010**

| Stiúrthóir | Bord Bhus Átha Cliath | Coiste Sáb-háilteachta |
|---|---|---|
| An Dr J. J. Lynch | 11/11 | |
| An tUasal N. Maher | 9/11 | 3/3 |
| An tUasal B. McCamley | 11/11 | 4/4 |
| An tUasal W. McDermott | 9/11 | |
| An tUasal U. McGrath | 7/9 | 2/3 |
| An tUasal M. Mooney | 10/11 | |
| An tUasal A. O'Byrne | 10/11 | |
| An tUasal G. Tuke | 11/11 | |




## Gnóthas Leantach

Tá stiúrthóirí an bhoird sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas.

## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, gur mian leo leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir

An 30 Márta 2011

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain sin. Ceanglaítear ar na stiúrthóirí na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.





# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí neamhspleácha do bhaill Bhus Átha Cliath-Dublin Bus

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 16 go 31. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach sa ráiteas ar bheartais chuntasaíochta ar leathanaigh 16 agus 17.

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí i leith Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Instiitiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 13 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tugaimid tuairisc daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor cothrom sna ráitis airgeadais, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, agus faoi cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith:

- cibé ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chuntais chuí;
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- an raibh cás airgeadais ann ag dáta an chláir chomhardaithe ina mbeadh gá don chuideachta cruinniú ginearálta urghnách a ghairm; d'fhéadfadh cás airgeadais mar sin bheith ann murar ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair na stiúrthóirí agus le hidirbhearta na stiúrthóirí, agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Léimid Tuarascáil na Stiúrthóirí agus déanaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil dá mbeimis eolach ar aon mhíráiteas léir ann. Ní phléimid le faisnéis ar bith eile inár gcuid freagrachtaí.

## Bunús na tuairime iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an R.A. agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Is éard a áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann méid agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na stiúrthóirí i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na nIniúchóirí(ar lean)

## Tuairim

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2010 agus maidir lena caillteanas agus sreafaí airgid don tréimhse dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasamar a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 10 go 12 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe ar leathanach 19, agus níos lú ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim go raibh cás airgeadais ann an 31 Nollaig 2010 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983. Reáchtáladh cruinniú ginearálta urghnách na cuideachta an 16 Meitheamh 2010.

**PricewaterhouseCoopers**
*Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe*
Baile Átha Cliath, Éire

An 30 Márta 2011

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Chóras Iompair Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe féideartha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh ar an suíomh gréasáin iad i dtús báire.

B. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh ráitis airgeadais bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2009. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom agus iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar a gcostas stairiúil.

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar dímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa chabhlach scaipthe thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil.

### (ii) Stadanna Bus agus Scáthláin

Déantar dímheas ar stadanna bus agus scáthláin, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (iii) Gléasra agus Innealra

Déantar dímheas ar ghléasra agus innealra, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais

### (i) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus deontais an Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil ar thionscadail ar leith a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála agus ligtear chuig an gcuntas caiteachais cuí iad sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (ii) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíochta Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta (ar lean)

## (F) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadra eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ón achtúire neamhspleách, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Scartar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime. Soláthraítear do chostas caipitil sochair pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina n-aithnítear téarbhadh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear sa chostas téarfa é.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| **An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | | **182,153** | 196,307 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | **(187,737)** | (197,183) |
| Ábhair agus seirbhísí | *3* | **(69,307)** | (76,277) |
| Dímheas | *4* | **(15,636)** | (16,990) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *5* | **(8,110)** | (5,925) |
| **Costais Oibriúcháin iomlána** | | **(280,790)** | (296,375) |
| **Easnamh roimh ghnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, leasanna agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(98,637)** | (100,068) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | | **653** | 2,625 |
| **Easnamh roimh ús agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(97,984)** | (97,443) |
| Ús infhála | *6* | **243** | 1,319 |
| **Easnamh don bhliain roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(97,741)** | (96,124) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *7* | **75,682** | 83,199 |
| **Easnamh don bhliain** | | **(22,059)** | (12,925) |
| (Easnamh)/barrachas carntha ag tús na tréimhse | | **(8,124)** | 4,801 |
| **Easnamh carntha ag deireadh na tréimhse** | | **(30,183)** | (8,124) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | *8* | **133,956** | 155,663 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *9* | **2,568** | 2,792 |
| Féichiúnaithe | *10* | **65,052** | 86,014 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **187** | 101 |
| | | **67,807** | 88,907 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *11* | **(64,699)** | (70,901) |
| **Glansóchmhainní reatha** | | **3,108** | 18,006 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **137,064** | 173,669 |
| **Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir** | *13* | **(78,834)** | (85,900) |
| **Ioncam iarchurtha** | *14* | **(56,670)** | (64,150) |
| | | **1,560** | 23,619 |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *15* | **31,743** | 31,743 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **(30,183)** | (8,124) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *16* | **1,560** | 23,619 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr J. J. Lynch** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne** Stiúrthóir



# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| **An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2010** | 2009 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *17(A)* | **(17,962)** | 8,958 |
| **Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | *17(B)* | **243** | 1,319 |
| **Caiteachas caipitil** | *17(B)* | **(9,295)** | (18,189) |
| **Glan-Insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe** | *17(B)* | **650** | 2,634 |
| **Deontais chaipitil faighte** | *17(B)* | **6,200** | 6,623 |
| **(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **(20,164)** | 1,345 |
| **Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha** | | **20,250** | (1,051) |
| **Méadú ar airgead sa bhliain** | | **86** | 294 |

Is éard is acmhainní leachtacha ann méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, inaisíoctha ar éileamh.

| **Réiteach glan-insreafa airgid go gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| Méadú ar airgead sa bhliain | *17(C)* | **86** | 294 |
| (Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta | *17(C)* | **(20,250)** | 1,051 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain** | | **(20,164)** | 1,345 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | *17(C)* | **76,722** | 75,377 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | *17(C)* | **56,558** | 76,722 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. GLANEASNAMH DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochta Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2010** | 2009 | **2010** | 2009 |
| | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| Ioncam | **171,227** | 182,964 | **10,926** | 13,343 |
| Costais | **(269,637)** | (281,324) | **(10,257)** | (11,107) |
| (Easnamh)/barrachas oibriúcháin | **(98,410)** | (98,360) | **669** | 2,236 |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **75,682** | 83,199 | **–** | – |
| (Easnamh)/barrachas glan | **(22,728)** | (15,161) | **669** | 2,236 |

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costais foirne** | | |
| Pánna agus tuarastail | **160,057** | 168,834 |
| Costais leasa shóisialaigh | **15,034** | 15,621 |
| Costais eile phinsin | **12,532** | 12,613 |
| Obair féin caipitlithe | **(61)** | — |
| **Costais foirne iomlána** | **187,562** | 197,068 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| **Sochar oifige** | | |
| - as seirbhísí mar stiúrthóirí | **60** | 49 |
| - as seirbhísí eile * | **115** | 66 |
| **Luach saothair agus sochair oifige na stiúrthóirí san iomlán** | **175** | 115 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara san iomlán** | **187,737** | 197,183 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA (ar lean)

Áirítear Táillí Stiúrthóirí mar seo a leanas sna sochair oifige stiúrthóirí le haghaidh 2010:

€12,600 an duine don Uasal N. Maher, don Uasal N. Mooney, don Uasal A. O'Byrne, agus don Uasal G. Tuke, agus €9,975 don Uasal U. McGrath.

Ní bhfuair an Dr J. J. Lynch, an tUasal B. McCamley, ná an tUasal J. Moloney aon Táillí Stiúrthóirí ón gcuideachta.

Tá €230,454 san áireamh i gcostais Phánna agus Tuarastail a íocadh leis an Uasal J. Meagher, Príomhfheidhmeannach, a d'imigh ar scor ar an 30 Samhain 2010. Áirítear chomh maith suim €15,417 a íocadh leis an Uasal P. Doherty, ag bhí ina Phríomhfheidhmeannach Feidhmeach ón 1 Nollaig 2010.

**Stiúrthóir Oibrí*

| | Líon Ball Foirne | |
|---|---|---|
| | **2010** | 2009 |
| B'ionann an méid seo a leanas agus an meánlíon fostaithe le linn na bliana: | **3,562** | 3,699 |

## 3. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Breosla agus Bealaí | **29,713** | 26,284 |
| Ábhair | **16,839** | 17,389 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **615** | 689 |
| Cíos agus rátaí | **803** | 836 |
| Cíosanna léas oibriúcháin | **540** | 537 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | **(1,251)** | 7,451 |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | **7** | 5 |
| Seirbhísí eile | **22,278** | 23,353 |
| Deontais ioncaim *(nóta 14)* | **(237)** | (267) |
| | **69,307** | 76,277 |

San áireamh sna speansais a íocadh le stiúrthóirí in 2010 tá €6,840 a íocadh leis an Uasal A. O'Byrne as seirbhísí comhairleoireachta.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 4. DÍMHEAS

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dímheas *(nóta 8)* | 30,967 | 34,025 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil AE/Státchiste *(nóta 14)* | (15,331) | (17,035) |
| | 15,636 | 16,990 |

## 5. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EISCEACHTÚLA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Athstruchtúrú gnó | 8,110 | 5,925 |

Mar chuid de chlár laghdaithe costais, thug an chuideachta clár téarfa agus luathscoir dheonaigh isteach. Is é €8.110 milliún an costas sa bhliain 2010 (2009: €5.925 milliún), lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár.

## 6. ÚS (INFHÁLA)/INÍOCTHA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | (247) | (1,324) |
| Íocaíochtaí úis eile | 4 | 5 |
| | (243) | (1,319) |

## 7. OIBLEAGÁID NA SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba é €75,682,000 íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a bhí iníoctha le Bus Átha Cliath-Dublin Bus tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 (2009: €83,199,000).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthar €000 | Stadanna agus Scáthláin Bus €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2010 | 309,678 | 22,656 | 53,168 | 385,502 |
| Breiseanna | 27 | 3,046 | 6,222 | 9,295 |
| Diúscairt | (19,009) | – | (207) | (19,216) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | 290,696 | 25,702 | 59,183 | 375,581 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2010 | 192,711 | 3,341 | 33,787 | 229,839 |
| Táille don bhliain | 25,993 | 1,574 | 3,400 | 30,967 |
| Diúscairt | (18,974) | – | (207) | (19,181) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | 199,730 | 4,915 | 36,980 | 241,625 |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2010** | 90,966 | 20,787 | 22,203 | 133,956 |
| Amhail an 31 Nollaig 2009 | 116,967 | 19,315 | 19,381 | 155,663 |

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta de na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | Saolréanna (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7-10 |
| Stadanna Bus agus Scáthláin | 3-15 |
| Gléasra agus innealra | 3-10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €67,058,000 (2009: €42,825,000) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear i mbreiseanna thuas tá €Neamhní (2009: Neamhní) i leith feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad i rith tógála agus sócmhainní nach bhfuil i seirbhís go fóill.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. STOIC

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | 1,392 | 1,349 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | 1,176 | 1,443 |
| | 2,568 | 2,792 |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna leis na méideanna seo a choimeádtar go riachtanach le freastal ar riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athchurtha na stoc agus a luach de réir na leabhar.

## 10. FÉICHIÚNAITHE

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Féichiúnaithe trádála | 6,696 | 8,091 |
| Méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta | 56,371 | 76,621 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 1,985 | 1,302 |
| | 65,052 | 86,014 |

## 11. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Creidiúnaithe trádála | 5,297 | 5,757 |
| Cáin ioncaim/tobhach bainte faoi PAYE | 2,254 | 2,255 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,983 | 2,937 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | 225 | 233 |
| Creidiúnaithe eile | 3,759 | 1,499 |
| Ioncam iarchurtha | 8,358 | 8,637 |
| Fabhruithe | 9,963 | 12,197 |
| Téarbhadh deonach | 11,183 | 12,522 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 13)* | 8,000 | 9,500 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 14)* | 13,677 | 15,364 |
| | 64,699 | 70,901 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | 4,462 | 5,425 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 12. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Léasanna oibriúcháin** | | |
| Éagann ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha sa bhliain amach romhainn nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 73 | 112 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 21 | 103 |
| | 94 | 215 |

## 13. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 95,400 | 97,237 |
| Úsáidte le linn na bliana | (6,913) | (8,924) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | (1,653) | 7,087 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | 86,834 | 95,400 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 11)* | 8,000 | 9,500 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 78,834 | 85,900 |
| | 86,834 | 95,400 |

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus do mhuirir.

Aistríodh soláthairtí a tháinig ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais i bhfianaise na n-éileamh a rinneadh le tamall anuas.

### (A) Clúdach Seachtrach Árachais

Tá an clúdach seachtrach árachais seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás gníomhartha a thógtar as éilimh bhóthair faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

## 13. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS DO MHUIRIR (ar lean)

### (a.) Clúdach Seachtrach Árachais (ar lean)

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €1,000,000 ar bhonn neamhrangaithe;

(b) aon damáiste eile ó thuilte nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €250,000; agus

(c) aon éilimh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iv) dliteanais iompair bóthair os cionn coinneáil féin-árachais €15,000,000 i gcomhshuim sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2010 go Márta 2011, faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh;

(iv) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, lena n-áirítear dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2010 agus Márta 2011, le haghaidh gach dliteanais iompair iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile;

(v) Gach riosca don Ghrúpa, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh; agus

(vi) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

### (B) Soláthairtí agus Gnóthuithe Gaolmhara um Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill. Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éilimh a bhainistiú, ach ní áirítear forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an neamhchinnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Maidir le ríomh chostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Tá samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lenar tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tionchar na gcaillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpiste arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh chúirte ar dhliteanais lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin ina mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite chuig láithreacha na dtimpistí. Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar go mbaineann níos mó deacrachta le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais nuair is féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú. Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht aisghabhálacha athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí atá i mbun tréimhse díscoir.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 14. IONCAM IARCHURTHA

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Léiríonn an cuntas seo Deontais AE/an Státchiste a chuirtear san áireamh de réir beartas cuntasaíochta E.** | | |
| **Deontais an Aontas Eorpaigh/Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 79,514 | 89,946 |
| Deontais faighte agus infhaighte | 6,437 | 6,890 |
| Aistriú chuig cuntas brabúis agus caillteanais | | |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 4)* | (15,331) | (17,035) |
| Sócmhainní cúnamh deontais díscríofa | (36) | (20) |
| Deontas ioncaim *(nóta 3)* | (237) | (267) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | 70,347 | 79,514 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 11)* | 13,677 | 15,364 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | 56,670 | 64,150 |
| | 70,347 | 79,514 |

## 15. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | 38,092 | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | 31,743 | 31,743 |

## 16. RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 23,619 | 36,544 |
| Easnamh don bhliain | (22,059) | (12,925) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | 1,560 | 23,619 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 17. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **(A) Réiteach easnaimh oibriúcháin chuig sreafaí airgid oibriúcháin** | | |
| Easnamh oibriúcháin roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **(97,984)** | (97,443) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí *(nóta 7)* | **75,682** | 83,199 |
| | **(22,302)** | (14,244) |
| Dímheas | **30,967** | 34,025 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | **(15,331)** | (17,035) |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | **(653)** | (2,625) |
| Laghdú i stoic | **224** | 237 |
| Laghdú sna féichiúnaithe | **712** | 849 |
| (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe agus ar sholáthairtí | **(11,579)** | 7,751 |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(17,962)** | 8,958 |
| | | |
| **(B) Anailís ar shreafaí airgid do ghlanteidil sa ráiteas ar shreabhadh airgid** | | |
| **Fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **247** | 1,324 |
| Íocaíochtaí úis eile | **(4)** | (5) |
| **Insreabhadh glan airgid ó fhónamh a dhéanamh ar airgeadas** | **243** | 1,319 |
| | | |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(9,295)** | (18,189) |
| Glan-Insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **650** | 2,634 |
| Deontais chaipitil AE/Státchiste | **6,200** | 6,623 |
| **Eis-sreabhadh glanairgid ó chaiteachas caipitil** | **(2,445)** | (8,932) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 17. RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID (ar lean)

| | Amhail an 1 Ean. 2010 €000 | Sreabhadh airgid €000 | Amhail an 31 Nol. 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 101 | 86 | 187 |
| Rótharraingt | – | – | – |
| | | 86 | |
| Iarmhéid cuideachta shealbhaíochta | 76,621 | (20,250) | 56,371 |
| | | (20,250) | |
| **Iomlán** | 76,722 | (20,164) | 56,558 |

## 18. PINSIN

Tá fostaithe Bhus Átha Cliath ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim pinsin le sochar sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe, an dá cheann á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire neamhspleách cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an tsócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí leanúnacha fostaíochta. Cuireadh na ranníocaíochtaí i ndáil leis na scéimeanna seo san áireamh, amhail is gur scéim shainithe ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear i Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochar Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh an luacháil achtúireach is déanaí ar na scéimeanna do sholáthairtí FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2010 go raibh easnamh €348.7m sna scéimeanna.

Ba é €12.5 milliún an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochar sainithe; áirítear na costais seo i nóta 2.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 19. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ar conradh le haghaidh | 4,871 | 10,891 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar conradh le haghaidh | – | 950 |
| | 4,871 | 11,841 |

## 20. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar feitheamh**

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina bpáirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais go hábhartha.

## 21. IDIRBHEARTA PÁIRTÍ GHAOLMHAIR

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin Comhairlí Cathrach agus Contae éagsúla, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus BSL. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta.

Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 (Nochtuithe na bPáirtithe Gaolmhara) a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta, a bhfochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 22. BALLRAÍOCHT I nGRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta atá i mBus Átha Cliath-Dublin Bus de chuid Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí ballraíochta sa Ghrúpa.

## 23. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 30 Márta 2011.

Bus Átha Cliath